Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Iúil 2022
(OR. en)

11525/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0217(NLE)**

**POLCOM 83
SERVICES 11**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 343 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste um Aitheantas Frithpháirteach do Cháilíochtaí Gairmiúla a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le comhaontú i ndáil le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla le haghaidh ailtirí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 343 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 343 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.7.2022
COM(2022) 343 final

2022/0217 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste um Aitheantas Frithpháirteach do Cháilíochtaí Gairmiúla a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le comhaontú i ndáil le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla le haghaidh ailtirí

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste um Aitheantas Frithpháirteach do Cháilíochtaí Gairmiúla (Coiste MRA) a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, i dtaca leis an gcinneadh atá beartaithe a ghlacadh maidir le comhaontú i ndáil le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla le haghaidh ailtirí i gcomhréir le hAirteagal 11.3.6 de CETA.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. CETA

Is é is aidhm do CETA an trádáil agus an infheistíocht a léirscaoileadh agus a éascú, agus caidreamh eacnamaíoch níos dlúithe idir an Aontas Eorpach agus Ceanada (na Páirtithe) a chur chun cinn. Síníodh CETA an 30 Deireadh Fómhair 2016 agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 21 Meán Fómhair 2017 ann.

### 2.2. An Coiste MRA

Bunaítear an Coiste MRA mar choiste speisialaithe faoi Airteagal 26.2.1.b de CETA agus tá sé freagrach as Airteagal 11.3 de CETA lena rialaítear comhaontuithe um aitheantas frithpháirteach (MRAnna) a chur chun feidhme. I measc na gcúraimí atá air bíonn air, *inter alia*, faisnéis a bhaineann le caibidlíocht agus cur chun feidhme MRAnna a chur ar fáil don phobal, dul chun cinn maidir le caibidlíocht agus cur chun feidhme MRAnna a thuairisciú don Chomhchoiste CETA, agus MRAnna a ghlacadh.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste MRA

Glacfaidh an Coiste MRA cinneadh (an gníomh atá beartaithe) maidir le MRA i dtaca le cáilíochtaí gairmiúla le haghaidh ailtirí i gcomhréir le hAirteagal 11.3.6 de CETA.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagan síos ar dá réir a aithneoidh dlínsí na bPáirtithe, na dlínsí a rialaíonn rochtain ar ghníomhaíochtaí ailtireachta nó saothrú na ngníomhaíochtaí sin trí cháilíochtaí gairmiúla a éileamh, na cáilíochtaí gairmiúla lena dtugtar rochtain ar na gníomhaíochtaí ailtireachta gairmiúla i ndlínse de chuid an Pháirtí eile.

Faoi Airteagal 11.3.6 de CETA, beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe ach a dtabharfaidh gach Páirtí fógra don Choiste MRA go bhfuil a gceanglais inmheánacha féin comhlíonta.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Áirítear sa ghníomh atá beartaithe rialacha sonracha nach mór na cáilíochtaí gairmiúla atá ag ailtirí a aithint dá réir agus rochtain ar ghníomhaíochtaí ailtireachta gairmiúla a thabhairt dá réir sa dá Pháirtí. Éascaíonn sé sin soláthar na seirbhísí ailtireachta de bhun na bhforálacha CETA lena rialaítear rochtain ar an margadh agus cóireáil náisiúnta i gcomhair soláthar seirbhísí trí sholáthar seirbhísí trasteorann, infheistíocht agus teacht isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun críoch gnó.

Tá ceanglais shubstaintiúla agus ceanglais nós imeachta Airteagal 11.3 de CETA comhlíonta. An 22 Bealtaine 2018, chuir Údaráis Ceadúnúcháin Ailtireachta Cheanada (CALA, ROAC feasta) agus Comhairle Ailtirí na hEorpa (ACE) Moladh Comhpháirteach faoi bhráid an

Choiste MRA. Ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste MRA an 16 Aibreán 2019, chomhaontaigh an Coiste gur chomhlíon na doiciméid a sholáthair CALA agus ACE ceanglais Chaibidil 11 de CETA agus gur moladh MRA inghlactha iad. Ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste MRA an 24 Samhain 2020, bhunaigh an Coiste na heintitis chaibidlíochta agus leag sé síos na céimeanna chun MRA a chaibidliú.

Ní bheidh tionchar ag an seasamh a mholtar ar reachtaíocht an Aontais maidir le cáilíochtaí gairmiúla. Níl feidhm ag Treoir 2005/36/CE[1] maidir le náisiúnaigh tríú tír.

Mar sin féin, tá rialacha ann maidir le haithint cáilíochtaí ó thríú tíortha atá ag saoránaigh den Aontas. Sonraítear an méid seo a leanas in Aithris 10: 'Ní chruthaítear bac leis an Treoir seo ar an bhféidearthacht go dtabharfadh na Ballstáit aitheantas, i gcomhréir lena gcuid rialacha, do na cáilíochtaí gairmiúla a bhainfidh náisiúnaigh tríú tír amach lasmuigh de chríoch an Aontais Eorpaigh. I ngach cás ina dtugtar aitheantas, ba cheart coinníollacha oiliúna íosta le haghaidh gairmeacha áirithe a urramú.' Tugtar an méid seo le fios in Airteagal 3(3) den Treoir: 'Fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla arna heisiúint ag tríú tír, measfar gur fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla í má tá taithí ghairmiúil 3 bliana ag an sealbhóir sa ghairm lena mbaineann ar chríoch an Bhallstáit a d'aithin an fhianaise sin ar cháilíochtaí foirmiúla […]'. Is airde na coinníollacha le haghaidh aitheantais a leagtar amach san MRA ná na coinníollacha íosta oiliúna le haghaidh ailtirí sa Treoir.

Dá bhrí sin is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste CETA a leagan síos chun a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú chun feidhme go héifeachtach.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Áirítear ar an gcoincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist.

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste MRA a cuireadh ar bun le comhaontú, mar atá CETA. Gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis atá sa ghníomh a n-iarrtar air é a ghlacadh. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 11.3.6 de CETA.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

---

1 Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála. Tá éifeachtaí díreacha agus láithreacha ar thrádáil i seirbhísí idir an tAontas agus Ceanada ag forálacha CETA a bhaineann le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla[2].

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús substainteach dlí don chinneadh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) ba cheart a bheith ina bunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2 Tuairim 2/15 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 16 Bealtaine 2017, mír 53. Ó thaobh na substainte de, tá an téacs ábhartha sa Chomhaontú Saorthrádála le Singeapór, a bhfuil an Tuairim bunaithe air, comhionann le hAirteagal 11.3 de CETA.

2022/0217 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste um Aitheantas Frithpháirteach do Cháilíochtaí Gairmiúla a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le comhaontú i ndáil le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla le haghaidh ailtirí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2017/37 ón gComhairle[3], déantar foráil maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ('an Comhaontú'). Síníodh an Comhaontú an 30 Deireadh Fómhair 2016.

(2) Le Cinneadh (AE) 2017/38 ón gComhairle[4], déantar foráil maidir le codanna den Chomhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach, lena n-áirítear bunú an Chomhchoiste um Aitheantas Frithpháirteach do Cháilíochtaí Gairmiúla (Coiste MRA). Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ón 21 Meán Fómhair 2017 i leith.

(3) An 22 Bealtaine 2018, chuir Údaráis Ceadúnúcháin Ailtireachta Cheanada (CALA, ROAC feasta) agus Comhairle Ailtirí na hEorpa (ACE) Moladh Comhpháirteach faoi bhráid an Choiste MRA. Ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste MRA an 16 Aibreán 2019, chomhaontaigh sé go bhfuil ceanglais Chaibidil 11 de CETA comhlíonta agus gurb ionann na doiciméid a sholáthair CALA agus ACE agus Moladh Comhpháirteach um Aitheantas Frithpháirteach (MRA) a bhí inghlactha, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an luach a d'fhéadfadh a bheith aige agus comhoiriúnacht chórais ceadúnúcháin nó cáilíochtaí na bPáirtithe.

(4) Ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste MRA an 24 Samhain 2020, bhunaigh an Coiste na heintitis chaibidlíochta agus leag sé síos na céimeanna chun MRA a chaibidliú. Tionóladh sraith de 9 mbabhta caibidlíochta idir an 24 Márta 2021 agus an 10 Márta 2022.

---

[3] Cinneadh (AE) 2017/37 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 11, 14.1.2017, lch. 1).

[4] Cinneadh (AE) 2017/38 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 11, 14.1.2017, lch. 1080).

(5) Leis an dréacht-MRA a rinneadh a chaibidliú idir an tAontas agus Ceanada déantar foráil maidir le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla faoi choinníollacha sonracha diana. Maidir le haitheantas do cháilíochtaí gairmiúla Ceanadacha, éilíonn an dréacht-MRA (i) 12 bliana ar a laghad d'oideachas, oiliúint agus taithí ghairmiúil mar ailtire, (ii) ceadúnas nó clárúchán gairmiúil bailí mar ailtire ó údarás inniúil i gCeanada agus (iii) dea-stádas. Leis an gceanglas chun ceadúnas nó clárúchán gairmiúil bailí mar ailtire a bhaint amach, tugtar le fios go gcuirfeadh duine a chuid staidéir i gcrích i gcomhréir le Caighdeán Oideachais Cheanada agus le córas creidiúnaithe Bord Deimhnithe Ailtireachta Cheanada (CACB). Measúnú ar na coinníollacha inar baineadh amach clárúchán nó ceadúnas, sin é is bonn leis an gconclúid sa Mholadh Comhpháirteach go n-aithneofaí go bhfuil caighdeáin oideachais agus oiliúna praiticiúla na n-ailtirí i gCeanada inghlactha.

(6) Glacfaidh an Coiste MRA cinneadh maidir le MRA.

(7) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais a leagan síos sa Choiste MRA mar go mbeidh an MRA ina cheangal ar an Aontas.

(8) Leagtar amach sa MRA rialacha ar féidir na cáilíochtaí gairmiúla atá ag ailtirí a aithint dá réir agus ar féidir rochtain ar ghníomhaíochtaí ailtireachta gairmiúla a thabhairt dá réir sa dá Pháirtí agus dá bhrí sin trádáil i seirbhísí ailtireachta a éascú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste MRA a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le comhaontú i ndáil le haitheantas frithpháirteach do na cáilíochtaí gairmiúla atá ag ailtirí, beidh sé bunaithe ar an dréachtghníomh ón gCoiste MRA atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*